# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

13 Lúnasa 2020

### MÉARA GLASA?

Tá cúnamh ón ár gcairde san Garraí Glas! Tá an t-am is gnóthaí den bhliain ag tarraingt orthu go sciopthа agus bheadh siad an-bhuíoch as lámha breise a bheith ar fáil dóibh! Más maith leat garraíodóireacht nó más maith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi fhás agus fhorbairt torthaí agus glasraí orgánacha, seo an áit cheart duit! Tá an Garraí Glas lonnaithe sna Creagáin in Indreabhán.
Déan teagmháil le hAongus ar a gcuntas Facebook: An Garraí Glas nó is féidir glaoigh ar 083 807 1113 le tuilleadh eolais a fháil faoin deis seo.



### FÁILTE AR AIS A DHAINÍN!

D'fhógair **Futa Fata** le gairid go bhfuil athfhoilsiú á dhéanamh ar leabhra *Dainín*. Beartaíodh stíl beagáinín difriúil a chur orthu an babhta seo, tá siad beagán níos mó do na láimhínní beaga a bheas ag iompú na leathanach! Beidh na leabhra áille ar fáil i mí Mheán Fhómhair.
Coinnigí súil ar an suíomh idirlín www.futa fata.ie nó ar a gcuntas FB le haghaidh tuilleadh eolais maidir le foilsiúchán na leabhar!



### CAMPA SACAIR NA BHFORBACHA

Tá campa sacair i nGaeilge á reáchtáil i mbliana, ag Méabh de Búrca an t-iar-imreoir idirnáisiúnta sacair ar an 20ú & 21ú Lúnasa. Do chailíní idir seacht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois an campa agus i Spórtlann na bhForbacha idir 10 agus 12:30 a bheas sé ar siúl. €25 an táille agus is féidir é a íoc ar an lá. D'imir Méabh ar fhoireann na hÉireann breis is caoga babhta agus imríonn sí le Galway WFC faoi láthair. Deis iontach é seo do chailíní óga deis traenála den scoth a fháil, scileanna nua a fhoghlaim agus píosa spraoi a bheith acu freisin! Is féidir clárú anois ar an suíomh idirlín www.meabh deburca.com. Tá súil againn go n-éireoidh go hiontach leis an gcampa!

De Búrca
CAMPA SACAIR

### CUAN!

Seolfar **CUAN** lárionad ealaíon nua sa Spidéal i mí an Mhárta 2021. Beidh sé suite san áit a bhfuil stiúideo CUAN ó thuaidh de Cheardlann an Spidéil. Is é an scríbhneoir agus léiritheoir Darach Mac Con Iomaire, stiúrthóir cruthaitheach CUAN agus dúirt sé le **Tuairisc** go raibh súil aige "gigeanna rac, traid agus ócáidí eile a reáchtáil sa lárionad nua agus beidh spás ann chomh maith do léirithe teilifíse agus ceoil." Go n-éirí le Darach agus le CUAN!

### BISEACH 2020

Tá ábhar á lorg do BISEACH 2020, iris a fhoilsíonn **Cumann Forbartha Chois Fharraige** chuile bhliain. Altanna faoi stair áitiúil, faoi bhéaloideas agus seanchas chomh maith le himeachtaí reatha i gceantar Chois Fharraige is mó a bhíonn san iris a seoltar mí Dheireadh Fómhair chuile bhliain agus a dhíoltar go háitiúil. Fáilteoidh an coiste eagarthóireachta roimh ábhar spéisiúil ar bith, idir seanchas, stair áitiúil, grianghrafanna, eolas faoi eagraíochtaí atá ag feidhmiú sa gceantar chomh maith le tuairimíocht ón bpobal. Bheadh spéis faoi leith i seanphictiúir chomh maith. Má chuirtear pictiúir ar fáil, scanálfar iad agus tabharfar ar ais slán sábháilte iad. Is féidir ábhar a sheoladh chuig an eagarthóir, **Seosamh Ó Braonáin** trí ríomhphost a chur chuige ag an seoladh seo a leanas: braonains@gmail.com Iarrfar ar dhaoine ábhar a sheoladh ar aghaidh roimh dheireadh mhí Lúnasa. Tá muid ag súil go mór heagrán na bliana seo.

### FOCLÓIR NUA AR AN MBEALACH

Beidh foclóir Béarla-Gaeilge Uí Mianáin le fáil roimh dheireadh an tsamhraidh. Tá 1,800 leathanach ann chomh maith le 30,000 iontráil agus 85,000 aonad céille. Anuas ar sin, tá táblaí gramadaí agus forlíonadh mór gramadaí agus stíle le fáil ann. Is é seo an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge a cuireadh i gcló ó foilsíodh foclóir Béarla-Gaeilge de Bháldraithe sa mbliain 1959.

## POST SAN IONAD TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH

Tá dhá phost á fhógairt san Ionad Tacaíocht Teaghlaigh ar an gCnoc in Indreabhán. Post amháin lánaimseartha agus ceann eile páirtaimseartha atá ann. Ní mór don té a éiríonn leis nó léi líofacht Ghaeilge a bheith acu chomh maith le cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal a cúig nó níos airde i gcúram leanaí a bheith acu. Is féidir glaoch ar 091593132 le haghaidh sonraí nó litir iarratais, CV agus cóip de do cháilíochtaí a sheoladh chuig Eilís Ní Dhonncha ag ittancranntaca@gmail.com

## POST SA BHOGHA CEATHA

Tá dhá phost á dtairiscint ag an mBogha Ceatha, an t-ionad cúraim leanaí atá lonnaithe sa Spidéal. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag na daoine a cheapfar agus ní mór cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal a Cúig nó Leibhéal a Sé i gcúram leanaí a bheith acu chomh maith. Tá post eile sa gclub iarscoile ar fáil ann freisin. Ón 1.00 – 6.00 i.n na huaireanta a bheas ar fáil. Na gasúir a bhailiú ón scoil, iad a thabhairt go dtí an t-ionad agus cúnamh a thabhairt dóibh leis an obair bhaile na príomh chúraimí a bhaineann leis an bpost. Tá sonraí le fáil ar líne, ar an leathanch Facebook Bogha Ceatha. Le hiarratas a dhéanamh, iarrtar ar dhaoine CV a sheoladh ar aghaidh go: oifig@boghaceatha.com

## CUIREADH DON SCÁILEÁN MÓR!

Tá Ros na Rún sa tóir ar dhaoine breise faoi láthair. Beidh criú na sraithe ag filleadh ar thaifeadadh go luath agus beidh daoine, os cionn 16 bliain ag teastáil uathu. Déan teagmháil leo trí ríomhphost a sheoladh chuig extras@rosnarun.com leis na sonraí seo a leanas:d'uimhir ghutháin, grianghraf a tógadh duit le gairid, dáta breithe agus seoladh poist. Nó is féidir glaoch ar 091 558 400. Brisigí cos, a chairde!

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Faoi 12 Roinn 2 Iarthar | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 11-14 |
| Cill Aithnín | 3-04 |

| Faoi 14 Roinn 3 Babhta 2 | |
|---|---|
| Gleann na Mad./B. Liam | 8-05 |
| CLG Micheál Breathnach | 9-11 |

| Faoi 16 Roinn 3 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 2-17 |
| Naomh Gabriel | 4-02 |

| Daoine Fásta Roinn 5 | |
|---|---|
| Glinsce | 6-07 |
| CLG Micheál Breathnach | 5-21 |

| Faoi 14 Roinn 2 | |
|---|---|
| An Spidéal | 8-12 |
| Naomh Breandán | 0-02 |

| Faoi 16 Roinn 3 Babhta 2 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 5-13 |
| Tuaim/An Baile Corr | 4-09 |

### - TORTHAÍ NA BHFEAR -

| Dé Sathairn 08/08 (F12 G. Sraith | |
|---|---|
| An Spidéal | 1-03 |
| An Clochán | 2-14 |

| Dé hAoine 07/08 (F16 R2 G2 Iar.) | |
|---|---|
| An Spidéal | 5-12 |
| CLG Bhearna | 1-10 |

| Dé hAoine 07/08 (Sóis A Cr. G.3) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-18 |
| Bearna-Na Forbacha | 0-21 |

| Déardaoin 06/08 (F14 C Grúpa 1) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 2-14 |
| Sylane | 0-02 |

| Dé hAoine 07/08 (F16 R2 G1 Iar.) | |
|---|---|
| CLG Mícheál Breathnach | 3-06 |
| An Cheathrú Rua | 2-08 |

| Déardaoin 06/08 (F14 C Grúpa 1) | |
|---|---|
| Cois Fharraige | 4-06 |
| Mainistir Chnoc Muaidhe | 2-04 |

## CEILIÚRADH SA SPIDÉAL!



Comhghairdeachas ó chroí le Comhlacht Forbartha an Spidéil agus an coiste deonach a rinne sár-obair ar Pháirc Spraoi an Spidéil a osclaíodh ar an Aoine 7 Lúnasa! Treise libh!



